C/2026/2432

23.4.2026

Fógra le haghaidh daoine áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/1484 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis

(C/2026/2432)

Dírítear aird Andrey Vladimirovich FEDOROV (Uimh. 3), Sergey Vladimirovich BLINOV (Uimh. 12), Denis Gennadievich POPOV (Uimh. 36) agus Ekaterina Feliksovna TIAMINA (Uimh. 43), na daoine a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/1484 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúise, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá sé i gceist ag an gComhairle na bearta sriantacha a choinneáil i gcoinne na ndaoine thuasluaite agus leasú déanta ar na ráitis ar chúiseanna.

Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun go bhfaighidh siad na ráitis bheartaithe ar chúiseanna maidir lena n-ainmniú, faoin **30 Aibreán 2026**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

[1] IO L, 2024/1484, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1484/oj.
[2] IO L, 2024/1485, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1485/oj.